Baile Locha Riach ina mBuaiteoirí arís

Fógraíodh duaiseanna móra is beaga Ghlór na nGael an tseachtain seo chaite. Ba é Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall a bhuaigh an phríomhdhuais i mbliana agus bronnfar na duaiseanna uile ann 28 Márta. Caithfidh a rá go bhfuil Coiste Ghlór na nGael i mBaile Locha Riach iontach sásta a bheith i measc na buaiteoirí arís agus an baile ag an leibheál is airde sa chomórtas.

Caithfidh a rá go raibh muintir Locha Riach iontach bródúil go mbeidh dhá dhuais bronnta orthu; Duais COGG as an obair atá a dhéanamh acu le scoileanna uile an cheantair agus Duais Chló- Iar Chonnachta as an léitheoireacht a spreagadh i measc phobal na háite.

Dúirt **Ali Mac Aindreasa**, Cathaoirleach an Choiste, go raibh sé thar a bheith tógtha an t-aitheantas breise seo a fháil:

“ Tugann na duaiseanna seo spreagadh ar leith dúinn ar fad leanstan ar aghaidh leis an obair idir lamha againn. Cinnte, is iontach an rud a bheith aitheanta i measc bhuaiteoirí Ghlór na nGael arís. Tugann a leithéid aitheantas don obair dheonach atá ar siúl go leanúnach ag grúpaí pobail sa chomharsanacht. Cinnte, aithníonn na duaiseanna seo go bhfuil gluaiseacht ghaelach ghníomhach á neartú i mBaile Locha Riach anseo.”

Tá Coiste Ghlór na nGael i mBaile Locha Riach iontach bródúil as na duaiseanna buaite acu i mbliana agus beidh €3,000 curtha sa bhanc acu dá bharr. Beidh Cruinniú Chinn Bliana ar siúl Déardaoin 12 Feabhra sa Chomhar Creidmheasa @ 8.30 ina ndéanfar plé ar pleananna do 2009 agus cuirtear fáilte roimh eagraíochtaí eile a bheith leo.

Tuilleadh eolais: ***091 870718***

An Comh. Mary Gunter Nix ag glacadh le duaiseanna Ghlór na nGael in Inis anuraidh. Sa phictiúr léi, tá **Anita Nic Amhlaidh**, Gaelscoileanna, **Cathal Goan** RTÉ agus **Máire Ní Annrachán**, Cathaoirleach Ghlór na nGael.

Turas Bhríde .. 1 Feabhra

Tháinig slua beag le chéile le ceiliúradh agus comóradh a dhéanamh ar oidhreacht Bhríde i mBaile Locha Riach an Domhnach seo chaite *Lá Fhéile Bhríde*.

Tháinig siad le chéile ag Tobar Bhríde i nGarraí Bhríde sa bhaile áit ina raibh plé acu ar sheanchas Bhríde agus ar na nósanna éagsúla bainte le *Lá Fhéile Bhríde*. Bhí amhrán canta in ómós Bhríde, buaileadh cúpla poirt ceoil agus tuigtear go raibh roinnt paidreacha ráite chomh maith. Cé gur lá fuar a bhí ann, ba mhór don tslua beag a chuimhniú go raibh an t-Earrach tagtha le *Lá Fhéile Bhríde*.

Cuid den tslua beag cois Tobar Bhríde agus ceol a bhualadh *Lá Fhéile Bhríde* seo chaite. Ina measc, **Muireann** is **Caoilte Ó Baoill**, **Gabriel Burke**, **Méara Locha Riach**, **Bríd** is **Micheál Ó Fathaigh** agus an **t-Ath. Tom Ó Seanacháin**.

Féile Raifteirí ag teacht.

Tá comóradh iontach leagtha amach in ómós Raifteirí le linn *'Féile Raifteirí'* i mBaile Locha Riach thar dheireadh na seachtaine 27-29 Márta i mbliana. Déanfar ceiliúradh ar na tréithe éagsúla a bhí ag an fhile ildánach agus aird ar leith tugtha dá bhuanna ealaíonta; i. Bua na filíochta, bua na hamhránaíochta, bua na fidléireachta is an ceoil go ginearálta.

Seoladh an fhéile go hoifigiúil le **Seosamh Mac Donncha**, Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe i dTeampall Mháirtín, Creachmhaoil Oíche Fhéile Bhríde le deireanas. Léirigh sé go raibh fás is forbairt tagtha ar an fhéile le roinnt blianta anuas agus gur thuig sé go mbeadh éileamh nach beag ar na himeachtaíú arís i mbliana.

B'iad na *'Culture Vultures'* a d'eagraigh an ócáid go speisialta le *'Féile Raifteirí'* a sheoladh ina raibh cuid de na haíonna a bhéas ag glacadh páirte san fhéile i láthair le blaiseadh beag a thabhairt ar an mhéid atá geallta don fhéile i mbliana. Ina measc iad siúd, bhí na hamhránaithe **Tim Lyons** is **Éamonn Ó Bróithe** mar aon le **Úna Ní Fhlannagáin** ar stáitse le linn na hoíche.

Chomh maith leis sin, bhí **muintir Mannion**, teaghlach lán-ceoil, mar aon le **Éamonn Carty** agus **Frank Brophy**, seanchaí is cumadóir amhráin uilig ar an ardán le fáilte a chur roimh *'Fhéile Raifteirí'* i mbliana.

Ag *Féile Raifteirí 2009*, beidh ceardlanna amhránaíochta, filíochta is ar ar an fhidil. Beidh ciorcail amhránaíochta, seisiúin ceoil is filíochta, léacht ar Raifteirí agus ceolchoirm mhór na féile ina mbeidh **Máiréad Ní Mhaonaigh**, **Manus Lunny**, **Joe Burke**, **Ann Conroy Burke**, **Louis De Paor**, **Paul O'Shaughnessy**, **Seosamh Ó Neachtain** agus **Antaine Ó Faracháin** ag glacadh páirte.

Ar ndóigh, gabhtar buíochas le liosta na n-urraithe atá ag tacú leis an fhéile clár thar a bheith leathan a chur ar fáil: i. *An Comhairle Ealaíon*, *Foras na Gaeilge*, *RTÉ Raidió na Gaeltachta*, *Lough Rea Hotel & Spa*, *Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe*, *Comhairle Chontae na Gaillimhe*, *Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin*, *Sunrise Health Store*, *John Collins Accounting*, *Baffle*, *Comhaltas Ceoltóirí Éireann*, *Conradh na Gaeilge*, *Gaeilge Locha Riach* agus *Cairde Raifteirí*.

Tuilleadh Eolais: ***091 870718***, prua@lochariach.com



Féile Raifteirí ag teacht: Tá go leor imeachtaí beartaithe 27-29 Márta le haghaidh *'Féile Raifteirí'* i mBaile Locha Riach 2009.

Bhí teaghlach de **mhuintir Mannion** ar fad ar stáitse le linn ócáid seolta ar *Féile Raifteirí* a d'eagraigh na *Culture Vultures* i gCreachmhaoil le deireannas.

B'é **Seosamh Mac Donncha**, Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a sheol *'Féile Raifteirí'* Oíche Fhéile Bhríde i dTeampaill Mháirtín, Creachmhaoil.